

LITIR 6: Tinneas, timpiste, an fioclóir



slaghdán

an fliú

scornach thinn (*sore throat*)

tinneas goile (*stomach-ache*)

tinneas fiacaile (*toothache*)



Bhraith mé tinn

Bhí mé an-te

Bhí pian i mo bholg (*pain in my stomach*)

Bhí tinneas cinn uafásach agam

Ní raibh aon ghoile agam (*no appetite*)

ag cur fola (*bleeding*)

ag casacht (*coughing*)

ag titim i laige (*collapsing, fainting*)

ag sraothartach (*sneezing*)

Bhí mé lag (*I was weak*)

an fioclóir

seomra feithimh

instealladh

scrúdaigh sé (*he examined*)


Bhí sé an-phianmhar (*very painful*)

mant (*gap*)

coinne (*appointment*)

otharcharr


timpiste



ar thaobh an bhóthair
seirbhísí éigeandála (*emergency services*)
tiománaí an chairr / leoraí
X-gha (*X ray*)
obráid (*operation*)



altra (*nurse*)
dochtúir
greamanna (*stitches*)
an citeal ar fiuchadh (*boiling kettle*)
dhoirt an t-uisce amach (*the water poured out*)



uisce fuar
dóite go dona (*badly burned*)
ungadh (*cream, ointment*)
bindealán (*bandage*)

Bain úsáid as na nathanna cainte thíos chun litir a scríobh.

Bhain timpiste duit sa bhaile. Scríobh litir chuig do chara ag míniú an scéil.

Bhí mé ag ullmhú an dinnéir chun cabhair a thabhairt do mo mháthair.

Líon mé an citeal le huisce.

Rith mo dheartháir isteach agus é ag pleidhcíocht.

Dhoirt mé an t-uisce isteach sa phota.

Go tobann bhuail Seán an citeal.

Dhoirt sé an t-uisce te amach ar mo lámh.

Thit mé ar an urlár.

Chuir mé mo lámh faoin sconna (*under the tap*).

Choinnigh mé faoin sconna fuar ansin í ar feadh cúig nóiméad.

Chuir mo mháthair bindealán air (*bandage*).



Léigh an litir thíos agus foghlaim na nathanna atá inti.

Bhí tú ag dul ar scoil maidin amháin agus bhain timpiste duit ar do rothar. Scríobh litir chuig do chara agus déan cur síos ar an timpiste.

33 Bóthar Mhuire
Dún na nGall
22 Deireadh Fómhair 2004

A Eibhlín, a chara,

Tá súil agam go bhfuil tú i mbarr na sláinte. Fan go gcloise tú an scéala atá agam! Inné d'éirigh mé déanach don scoil agus ag a deich tar éis a naoi léim mé ar mo rothar. Bhí an trácht go dona, agus rothaigh mé go tapa i dtreo na scoile. Thosaigh sé ag cur báistí, agus bhí an bóthar fliuch agus sleamhain.

Ar an bpríomhbhóthar chas mé faoi dheis gan aon chomhartha a dhéanamh agus bhuail in aghaidh rothair eile. Fágadh mé sinnte ar an talamh. Buiochas le Dia, ní raibh mé gortaithe go dona. Nuair a d'fhéach mé timpeall cé a bhí ar an talamh in aice liom ach Seán Ó Laoire ó rang 5B! Bhí mé náirithe!

Go tapa léim an bheirt againn suas agus ar aghaidh linn. Bhí an príomhoide ag fanacht linn ag geata na scoile. Bhí orainn fanacht siar tar éis scoile.

Má tá aon nuacht agat scríobh chugam go luath.

Mise do chara,

Siobhán

Gluais

gan aon chomhartha a dhéanamh – *without making any signal*

Bhí mé náirithe – *I was embarrassed*

Scríobh litir ar na hábhair seo thíos:

- Tá cara leat tinn san ospidéal. Scríobh an litir a chuirfeá chuig an cara sin.
- Tá do sheanmháthair tinn san ospidéal. Scríobh an litir a chuirfeá chuig cara faoi sin
- Bhain timpiste duit le déanaí. Scríobh litir chuig do chara agus déan cur síos ar an timpiste dó nó di.